



2026/967

21.5.2026

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 41/2026
an 6 Feabhra 2026

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/967]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1382 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2025 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hEagraíocht Eorpach na bPaitinní cosaint leordhóthanach a thabhairt do shonraí pearsanta ⁽¹⁾, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5ex (Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1795 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5ey. **32025 D 1382:** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1382 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2025 de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hEagraíocht Eorpach na bPaitinní cosaint leordhóthanach a thabhairt do shonraí pearsanta (IO L, 2025/1382, 18.7.2025).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1382 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlónadh LEE d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Feabhra 2026, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlónadh LEE, d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

⁽¹⁾ IO L 2025/1382, 18.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1382/oj.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.